



LÉIRMHINIÚCHÁN AGUS IMEACHTAÍ IWTN 2023

(lena n-áirítear Lá na mBailte Múrtha, féilte beaga, Caomhnú, Bainistíocht agus Pleananna Léiriúcháin, oiliúint chaomhantais agus léiriúchán ar líne)

1 Réamhrá

Príomhghné de Phlean Gníomhaíochta Lónra Bhailte Múrtha na hÉireann 2019-23 is ea tacú le caomhnú ballaí baile agus cineálacha eile oidhreachta cultúrtha laistigh de bhailte ar bail de IWTN iad. Is gníomh é seo de chuid Oidhreachta na Comhairle *Plean Straitéiseach Oidhreachta sa Chroílár 2018-22*. In 2023 rinne an Chomhairle Oidhreachta € 124,000 a leithdháileadh ar thionscadail Léiriúcháin IWTN.

Beidh Ciste IWTN ar fáil do bhail Thuaisceart Éireann den IWTN in 2023.

2 Tráthchlár

- Ní mór iarratais, agus doiciméid tacaíochta, a chur isteach trí chóras deontas ar líne na Comhairle Oidhreachta https://www.salespulse2.com/HeritageGrants/dsp_RegistrantDefault.asp faoi **5i.n. Déardaoin an 9 Márta 2023**.
- Tá an próiseas iomaíoch agus déanfar measúnú ar iarratais ar bhonn na faisnéise a chuirtear ar fáil.
- Ní bhreithneofar iarratais a fhaightear tríd an bpost, trí fhacs ná trí ríomhphost.
- Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha ná le faisnéis bhreise tar éis an spriocdháta.
- Cuirfear iarratasóirí ar an eolas i scríbhinn ag deireadh mhí Aibreáin 2023, tar éis cead a fháil ó bhord na Comhairle Oidhreachta

3 Cistiú

Tá ciste €124,000 ar fáil faoi Scéim Léiriúcháin agus Imeachtaí IWTN 2023. Tá an scéim iomaíoch agus scórálfar iarratais trí úsáid a bhaint as na critéir atá leagtha amach ar Leathanach 3 agus ar bhonn na faisnéise a chuirtear ar fáil.

Ní mór duit ranníocaíocht íosta 10 % ar a laghad a chur san áireamh i dtreo chostais an tionscadail. I gcás na nÚdarás Áitiúil, ní mór luach airgid a bheith ag baint leis sin. I gcás grúpaí pobail, d'fhéadfadh an ranníocaíocht 10 % a bheith i bhfoirm do ranníocaíochta deonaí mar atá leagtha amach sna rátaí thíos.

Molaimid go láidir do na bailte ar bail iad Coistí Bainistíochta Bailte Múrtha áitiúla a bheith i bhfeidhm chun cabhrú tionscadail a fhorbairt agus a sheachadadh.

4 I measc na dtionscadal incháilithe tá:

Thar na blianta, tháinig athrú ar shruth deontais na 'bhféilte' ó bheith dírithe ar fhéilte meánaoiseacha/iar-mheánaoiseacha amháin chun na nithe seo a leanas a chistiú chomh maith: comharthaíocht léiriúcháin, tionscnaimh oideachais, pleananna, staidéir indéantachta agus taispeántais. Mar gheall ar an éagsúlacht mhéadaithe i dtionscadal incháilithe, tá bailte in ann na scéimeanna is fearr a oireann dá gcúinsí a fhorbairt.

Is féidir leis an gciste tacú leis an méid seo a leanas i mbliana:

- féilte agus imeachtaí oidhreachta a bhfuil ardluach oideachais ag baint leo, lena n-áirítear féilte agus imeachtaí fíorúla;
- Pleananna Caomhantais, Bainistíochta agus Léiriúcháin a ullmhú/a thabhairt chun críche le haghaidh iontrálaithe nua agus nuashonrú a dhéanamh ar Phleananna Caomhantais, Bainistíochta agus Léiriúcháin atá cúig bliana d'aois ar a laghad
- oiliúint le haghaidh treoraithe turais agus ambasadóirí baile;
- gníomhaíochtaí léiriúcháin (e.g., comharthaíocht, léarscáileanna turasóireachta, pábháil inleagáin chun líne na mballaí a mharcáil, treoracha fuaime, múrphictiúir, cosáin, saothair ealaíne (seachas cuimhneacháin/séadchomharthaí), réaltacht fhíorúil, aipeanna, suíomhanna gréasáin agus uirlisí léiriúcháin eile ar líne e.g. Map StoryMap);
- staidéir féidearthachta;
- soilsiú agus teilgean nuálacha;
- taispeántais shealadacha agus bhuana;
- oibreacha chun suíomhanna oidhreachta a dhéanamh inrochtana agus sábháilte (lena n-áirítear an costas a bhaineann le cead seandálaíochta a fháil agus ceadanna eile).
- Imeachtaí Oiliúna Caomhantais — uasmhéid €3,000 le haghaidh oiliúna caomhantais maidir le hoidhreacht thógtha roimh 1939 i do bhaile. D'fhéadfadh an cúrsa/na cúrsaí díriú ar úinéirí tí, ar ghairmithe nó ar chonraitheoirí. Féadfaidh siad a bheith i bhfoirm léachta aonair nó cúrsa praiticiúil a bheidh ar siúl thar roinnt laethanta. I measc na samplaí den oiliúint incháilithe tá: ráilí iarainn teilgte agus saoirsithe a chaomhnú, deisiúcháin fuinneoige, díonta slinne a dheisiú, struchtúir chosanta a iarfheistiú go híogair le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh, aoil a dhíriú, bithéagsúlacht a bhainistiú, agus do struchtúr cosanta a leathnú go híogair. Is leathan é raon feidhme na hoiliúna is féidir a chistiú. Chun inspioráid a fháil, féachtar ar: <https://princes-foundation.org/heritage-craft-skills-allireland>
- Cuirtear fáilte ar leith roimh thionscadail ina gcuirtear chun cinn na nithe seo a leanas: cuimsiú sóisialta lucht féachana nua a bhaint amach agus comhoibriú idir an oidhreacht agus na healaíona.
- Fáiltítear go háirithe roimh thionscadail a chuireann feasacht agus/nó caomhnú na bithéagsúlachta chun cinn i mbailte, agus roimh thionscadail a thugann aghaidh ar thionchair an athraithe aeráide.
- Tá fáilte ar leith roimh thionscadail a bhaineann le dhá bhaile nó níos mó.

5 Próiseas Measúnaithe

Déanfaidh painéal measúnaithe inmheánach agus seachtrach measúnú ar na tionscadail bunaithe ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil agus ar na critéir scórála ar Leathanach 3. Cuirfear moltaí faoi bhráid bhord na Comhairle Oidhreachta lena mbreithniú ag an gcruinniú a bheidh aici i mí Aibreáin 2023

6 LÉIRIÚCHÁN AGUS IMEACHTAÍ IWTN 2023 — Critéir maidir le tionscadail a roghnú

1. Ní mór iarratasóirí a bheith ina mbaill reatha láníoctha de Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann (IWTN) lena n-áirítear Tuaisceart Éireann. Ní mór an táille ballraíochta IWTN a chur ar ais ach a nglactar le haon tairiscint maoinithe.
2. Maidir le hiarratais ar fhéilte agus ar imeachtaí a iarrann méid is mó ná €3,000, ba cheart plean cuimsitheach margaíochta a chur ar fáil. De rogha air sin, féadfaidh tú Seicliosta Margaíochta IWTN a chomhlánú agus é a uaslódáil le d'iarratas.
3. Ba cheart iarratais ar dhoiciméid straitéiseacha agus ar chláir oiliúna a bheith tomhaiste. Sna hiarratais ba cheart léiriú a thabhairt ar an tionchar oideachasúil agus eacnamaíoch is dóchúla a bheidh ag an doiciméad nó ag an oiliúint ar an mbaile/na bailte.
4. Beidh ceithre chritéar ann trína ndéanfar gach iarratas ar dheontas a mheas:

Critéir	Cur síos	Marcanna
Féidearthacht an tionscadail	Agus cuntas teiste na n-iarratasóirí, cáilíocht na gcomhairleoirí, na gconraitheoirí agus an bhainisteora tionscadail, an amlíne a bhfuil coinne léi, an buiséad agus an plean airgeadais a cuireadh i láthair á chur san áireamh, an dócha go gcuirfear an tionscadal seo i gcrích go rathúil agus go ndéanfar an deontas a tharraingt anuas go hiomlán faoin 9 Deireadh Fómhair 2023?	20 marc
Cáilíocht an iarratais	Iarratas atá éasca le tuiscint a mbaineann dea-smaointeoireacht réasúnaíochta leis agus a bhfuil agus dea-mhodheolaíocht aige. Tá amlíne agus buiséad tomhaiste le haithint air. An bhfuil tairbhí láidre oidhreachta/sóisialta/eacnamaíocha ar taispeáint? An bhfuil luachana ar fáil?	20 marc
Luach ar airgead	An léiríonn an tionscadal seo luach maith ar airgead maidir le hoidhreacht agus tionchar sóisialta? An bhfuil sé ina iarratas réasúnta i bhfianaise chineál srianta chistiúcháin IWTN? An bhfuil foinsí eile cistiúcháin le sonrú?	20 marc
Tábhacht straitéiseach	Cén tábhacht straitéiseach a bhaineann leis an tionscadal le haghaidh an bhaile agus/nó IWTN? Cad iad na sochair oidhreachta/shóisialta/eacnamaíocha? An eiseamláir de thionscadal é lena leanúint ag daoine eile?	40 marc

7 Do Bhuiséad a ullmhú

- Ní mór dúinn a fháil amach cén costas a bheidh ar do thionscadal. Ní mór é sin a mhíniú go soiléir i do bhuiséad. Ní mór duit na costais go léir (lena n-áirítear costais nach bhfuil incháilithe do Chistiú ón gComhairle Oidhreachta) a liostú sa tábla atá curtha ar fáil, agus ní mór cóip PDF de luachana, de mheastacháin nó fianaise eile a chur i gceangal chun tacú leis na figiúirí, má tá siad ar fáil.

- **Grúpaí Pobail:** Tugtar faoi deara nach mór cuntas bainc nó cuntas comhar creidmheasa bailí a bheith ag an ngrúpa Iarratasóra ina n-ainm.
- D'fhéadfadh sé nach mbeadh an Chomhairle in ann tairiscint a dhéanamh ar an méid iomlán a d'iarr an t-Iarratasóir. Cuideoidh costais mhiondealaithe ar chodanna éagsúla de na hoibreacha leis na measúnóirí a fháil amach (a) an bhfuil cistiú páirteach indéanta agus (b) an luach maith ar an airgead a bheidh ann.
- Is mian leis an gComhairle a chinntiú go háirithe go gcuireann gach tionscadal dea-chleachtas caomhantais i bhfeidhm. Ba cheart é sin a léiriú i do bhuiséad.
- Leis an maoiniú deontais ní chlúdfófar caiteachas maidir le costais foirne an údaráis áitiúil, taisteal thar lear, trealamh oifige ná forchostais.
- Ní féidir cistiú na Comhairle Oidhreachta a úsáid chun íoc as aon ghníomhaíocht a dhéantar sula nglactar le litir tairisceana ón gComhairle Oidhreachta. Ná ní féidir é a úsáid i dtreo costais arna dtabhú tar éis an dáta tuairiscithe deiridh ach oiread.

Obair a luacháil — obair dheonach & eile

Moltar duit luach a chur ar an obair a chuir baill d'eagraíochta, d'fhoireann tionscadail nó oibríthe deonacha eile leis an tionscadal. Seo a leanas roinnt uasrátaí mar threoir duit agus am deonach á luacháil agat:

- €300 in aghaidh an lae le haghaidh táillí gairmiúla (e.g. bainistíocht tionscadal, speisialtóir ardscoile nó siúinéireacht)
- €150 in aghaidh an lae le haghaidh saothar oilte (e.g. saor cloiche, déantóir caibinéad, gabha)
- €80 in aghaidh an lae le haghaidh saothar neamhoilte.

Is mian leis an gComhairle a chinntiú go háirithe go gcuireann gach tionscadal dea-chleachtas caomhantais i bhfeidhm. Ba cheart é sin a léiriú i do bhuiséad.

8 Cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal agus caidreamh a bhunú leo

Ní mór a thaispeáint i d'iarratas go n-áireofar i do thionscadal gníomhaíochtaí ar faide a raon ná na baill d'fhoireann an tionscadail amháin. I rannóg amháin den fhoirm iarratais, fiafraítear duit faoi na pleananna atá agat chun páirt a ghlacadh sa phobal.

Ós rud é go bhfuil an Chomhairle ag iarraidh rannpháirtíocht ghníomhach leis an oidhreachta a chur chun cinn agus cur le tuiscint an phobail ar an oidhreachta, beidh straitéis mhaith chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal agus le caidreamh a bhunú leo ina cabhair le deiseanna do thionscadail. Ní mór d'iarratasóirí gach comhairle sláinte poiblí ábhartha a chur san áireamh agus tionscadail á bpleanáil agus á seachadadh acu.

9 Doiciméid a uaslódáil

Ní mór duit faisnéis bhreise a chur ar fáil trí dhoiciméid a uaslódáil ar an bhfoirm ar líne. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí orthu sin:

- luachana, meastacháin nó fianaise eile chun tacú leis na nithe atá liostaithe i do bhuiséad ar an bhfoirm iarratais ar líne.
- cur síos ar do chlár, ionad, cainteoirí atá beartaithe, siamsóirí oidhreachta
- i gcás bileog, dréacht-téacs, léaráidí atá beartaithe, leagan amach, dearadh grafach
- ceaduithe, ceadanna, ceadúnais nó toilithe iomchuí.

Níl an liosta seo cinntitheach agus b'fhéidir gur mhaith leat faisnéis tacaíochta eile a chur san áireamh, faisnéis ar cheart í a bheith cuimsitheach ach gearr.

Beidh líon agus cineál na ndoiciméad ag brath ar chineál an tionscadail.

Ní mór na doiciméid a uaslódáiltear a bheith i bhformáid PDF nó JPEG agus ní mór nach mó iad ná 10mb an ceann.

10 An Bunachar Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018

Coinníonn an Chomhairle Oidhreachta bunachar sonraí ríomhairithe de dhaoine agus d'eagraíochtaí a bhfuil suim acu i gcúrsaí oidhreachta. Úsáidtear an bunachar sonraí sin chun cumarsáid a dhéanamh leis na daoine sin faoin gComhairle, faoina gníomhaíochtaí agus faoina leasanna; ní chuirfear faisnéis ar an mbunachar sonraí ar fáil d'aon duine eile ach amháin i gcomhréir leis an dlí. Mura bhfuil tú ar an liosta cheana féin, ba mhaith linn go dtoileofá le do chuid sonraí a chur leis an mbunachar sonraí seo. Mar sin féin, tá sé de chead agat an toiliú a dhiúltú.

Bí ar an eolas go bhfuil an t-eolas ar fad a chuirtear faoi bhráid na Comhairle Oidhreachta faoi réir an **Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997**, mar sin níor cheart duit glacadh leis go bhfanfaidh an t-eolas atá i d'iarratas faoi rún.

11 Cruinneas Faisnéise

Glacaimid le d'iarratas agus déanaimid ár gcinntí de mheon macánta ar bhonn na faisnéise a thugann tú dúinn. Dá bhrí sin, is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar aon ráiteas míthreorach (cibé acu d'aon ghnó nó de thaisme) i d'iarratas, nó ar aon fhaisnéis a choinnítear siar go feasach, nach bailí é iarratas d'eagraíochta. Sa chás sin, cuirfidh an Chomhairle deireadh leis an measúnú agus diúltóidh sí don iarratas

12 Canbhásáil

Dúirt an Chomhairle Oidhreachta riamh go ndícháileofar iarratas go huathoibríoch más rud é go mbíonn canbhásáil thar ceann aon iarratasóra i gceist. Tá sé sin léirithe go soiléir ar an bhfoirm iarratais agus le blianta beaga anuas diúltaíodh do líon an-bheag iarratas ar an gcúis sin.

An Chomhairle Oidhreachta
Lána an Teampaill
Cill Chainnigh
056 7770777
iwtn@heritagecouncil.ie